BILEOG OIBRE

Móinéir Lusanna Fiáine

Tráth Bliana

Tráthanna éagsúla.

Cuspóir

Foghlaim conas móinéar bláthanna fiáine a chur ar bun agus aire a thabhairt dó.

TÁ AN OBAIR SEO OIRIÚNACH DO NA RANGANNA AR FAD

Ceangal trasna an Churaclaim

OSIE:	Dúile beo, iniúchadh/taighde, taifeadadh, breathnú.
Matamaitic:	Tomhas, taifeadadh, foghlaim ghníomhach.
Litearthacht:	Focail nua, scríbhneoireacht, litriú.
Ealaín:	Fáisceán bláthanna, grianghraif .
Curaclam Neamhfhoirmiúil:	Discover Primary Science.

1

Acmhainní atá de dhíth

- Síolta bláthanna fiáine de chuid na tíre seo • Ithir lom • Raca • Gaineamh • Ceamara

3

Síol a chur i ngort lom Acmhainní

- Síolta bláthanna fiáine de chuid na tíre seo, raca, gaineamh.
- Is féidir forleathadh (scaipeadh) a thabhairt ar shíolta bláthanna fiáine.
- Cuirtear na síolta isteach le gaineamh ionas gur furasta an forleathadh a dhéanamh.
- Déantar racáil ar na síolta san ithir lom.
- Tugtar cosaint do na síolta ar na héin.
- Tiocfaidh an síol de chuid na tíre seo san ithir chun tosaigh.
- Sa chás gur ró-mhéith an ithir, beidh an féar chun tosaigh ar aon chuma.
- Beidh gá le hobair á choinneáil mar a leagtar amach thuas agus teastóidh scrúdú a dhéanamh ar an modh bainte is fearr a úsáid.

2

Conas móinéar bláthanna fiáine a chur ar bun – Baint an fhéir

- Má fhágtar talamh féaraigh gan a shaothrú, déanfar móinéar bláthanna fiáine de. Má bhaintear an féar de réir straitéise, is féidir é a choinneáil néata agus ligean do phlandaí séasúracha éagsúla teacht chun tosaigh.
- Is é an gnáthnós barr féir a bhaint idir lár mí Meithimh agus mí Iúil agus b'fhéidir go mbainfí an dara barr i mí Meán Fómhair - is furasta an nós céanna a leanacht ar scoil.
- Más bláthanna ísle atáthar a iarraidh, baintear an féar ó Mhárta go Meitheamh, lig dó fás i rith an tsamhraidh agus baintear arís é san fhómhar.
- De rogha air sin, is féidir an féar a fhágáil gan baint ar chor ar bith, é a chóiriú ag tús an gheimhridh nó ag deireadh an gheimhridh agus an ceann síolta a fhágáil ag na héin.
- Má bhaintear féar d'fhonn cosán a fhágáil tríd an móinéar, tugann sin bealach isteach agus fágann sé cuma níos néata agus réamhcheaptha ar an áit.
- D'fhonn an ráta torthúlachta a choinneáil íseal, glantar an féar a bhaintear as an ngarraí le raca agus cuirtear leis an múirín é (nó úsáidtear le haghaidh mótála é).

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

Móinéir Lusanna Fiáine ar lean.

Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta

Bítear cúramach ag úsáid uirlisí. Nitear na lámha tar éis seisiún garraíodóireachta.

4

Tionscadail taighde

Matamaitic – déantar meastachán faoin méid síolta bláthanna fiáine a bheidh de dhíth maidir le hachar faoi leith.

OSIE – coinnigh trí réimse faoi fhéar agus bain an féar de réir trí chóras bainte éagsúil agus féach na speicis éagsúla plandaí agus ainmhithe a bhíonn iontu.

An Oidhreacht Áitiúil – déantar taighde faoi nósanna bainte agus féaraigh (innilte) sa chomharsanacht.

Ealaín/Cumarsáid – déantar fáisceán bláthanna, déantar taispeántas faoin ngarraí le bláthanna, duilleoga agus féar fáiscthe, déantar fir bhréige.

Taighde ar fhocail nua: **FORLEATHADH**

5

Cá bhfuil teacht ar bhreis eolais?

Dearadh de réir nádúir www.allgowild.com

Sábháil síolta
www.irishseedsavers.ie

Bláthanna aithint ó chéile
www.irishwildflowers.ie

